North/South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh/Theas
An Chomhrúnaíocht

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

# AN DEICHIÚ CRUINNIÚ IOMLÁNACH

# TEACH FARMLEIGH, BAILE ÁTHA CLIATH

# 5 IÚIL 2010

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an deichiú cruinniú Iomlánach den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath an 5 Iúil 2010.

2. Ba é an Taoiseach, Brian Cowen T.D. a bhí i gceannas ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann. Ba iad an Céad-Aire, Peter Robinson MLA, agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MP MLA a bhí i gceannas ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar Iarscríbhinn. Ba é an Taoiseach cathaoirleach an chruinnithe.

3. Bhí plé cuimsitheach idir na hAirí ar na dúshláin fhioscacha atá amach roimh gach dlínse agus ar na bearta atá á nglacadh acu chun na buiséid atá acu a chomhdhlúthú agus chun ullmhú don téarnamh eacnamaíoch. Leag na hAirí béim ar an bpointe gur gá, agus cúinsí eacnamaíochta chomh dúshlánach is atá, luach ar airgead a dheimhniú i ngach raon de chaiteachas na hearnála poiblí. D'fháiltigh siad sa chomhthéacs seo roimh an bplé leanúnach idir an bheirt Aire Airgeadais chun costais a bhféadfaí coigilt orthu a aithint trí chomhoibriú agus trí eolas a roinnt.

4. Labhair na hAirí chomh maith faoin leibhéal suntasach de chomhoibriú atá ar siúl chun nuálaíocht a chur chun cinn ar mhaithe le taca a chur faoin bhforás eacnamaíochta agus le fostaíocht a chruthú, lena n-áirítear dearbháin nuálaíochta a tugadh isteach ar bhonn uile-oileáin, cistiú a cuireadh ar fáil trí bhíthin an Chláir um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, taighde ar ailse, breis comhoibrithe ó thaobh cistiú as an Seachtú Creatchlár AE (FP7) i gcomhair taighde a dhaingniú agus rathúlacht Chomhpháirtíocht Taighde agus Forbartha na Stát Aontaithe/na hÉireann/Thuaisceart Éireann.

D'fháiltigh siad roimh chomhoibriú a d'fhéadfadh bheith ann ó thaobh acmhainn chomhpháirteach i gcúrsaí Taighde agus Forbartha a chur chun cinn go hidirnáisiúnta agus mhol siad obair a dhéanamh in Earnáil Forbartha Trádála agus Gnó CATT ar nuálaíocht, taighde agus forbairt agus ar éiceachóras ar bhonn uile-oileáin don nuálaíocht. Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh do Choimisinéir an AE ar Nuálaíocht, An Coimisinéir Geoghegan Quinn, bheith i láthair ag cruinniú an CATT sa todhchaí ar cruinniú é a bheadh bunaithe ar an earnáil forbartha Trádála agus Gnó.

Léirigh an Feidhmeannas imní faoin athstruchtúrú ar an earnáil bhaincéireachta agus ardaíodh saincheisteanna a bhaineann leis an earnáil árachais.

D'ardaigh an Feidhmeannas chomh maith an tsaincheist a bhaineann le lipéadú tír thionscnaimh a bheith ar bhia. D'aithin na hAirí tábhacht na trádála tras-teorann do thionscail an bhia agus nótáladh go bhfuil na saincheisteanna seo á bplé ag na hAirí ábhartha.

## TUARASCÁIL NA GCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN

5. Nótáil na hAirí an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ar na 13 chruinniú CATT a tionóladh ón gcruinniú lomlánach deireanach i mí na Nollag 2009 agus cuireadh fáilte roimh an gcomhoibriú comhthairbheach a tugadh chun cinn, lena n-áirítear:

- gur maith mar atá an dul chun cinn ar an obair ar thionscadal an A5 (Achadh na Cloiche go dtí Tairseach an Iarthuaiscirt) agus ar thionscadal an A8 (Béal Feirste go Latharna) chun na chéad-gharspriocanna eile - Foilsiú na nDréacht-Orduithe - a bhaint amach i míonna deireanacha na bliana 2010/i míonna tosaigh na bliana 2011. Tá bailchríoch á cur ar oibreacha bóthair an A1 a chuirfidh deireadh leis an obair ar an nasc ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste agus táthar ag súil le trácht ar an gcarrbhealach nua i lár na bliana 2010;

- breis dul chun cinn ar fhaomhadh a fháil don chás gnó ar mhaithe le hionad nua radaiteiripe in Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin, a bhfuil aontaithe ag Rialtas na hÉireann ina leith, i bprionsabal, ranníocaíocht

chaipitil a sholáthar agus soláthar seirbhísí ailse d'othair as Dún na nGall a chistiú;

- dul chun cinn ar raon saincheisteanna a bhaineann le cosaint leanaí lena n-áirítear suíomh gréasáin nuálach Thuaidh/Theas a bhunú ar Chosaint Leanaí;

- leanúint le cur chuige comhordaithe a chíoradh chun an leibhéal alcóil san fhuil a laghdú sa dá dhlínse;

- tús a chur le córas ina dtabharfaí comhaitheantas do dhícháiliúcháin tiománaithe idir an Ríocht Aontaithe agus Éire ar an 28 Eanáir 2010 agus leanúint leis an obair ar an gcuspóir níos fadtéarmaí go dtabharfaí comhaitheantas do phointí pionóis;

- Straitéis Uile-Oileáin ar Shláinte agus Leas Ainmhithe a chomhaontú;

- na bearta a glacadh go dáta chun a chinntiú go dtabharfaí dramhaíl chun siúil as láithreáin i Slattina, Co. Fhear Manach agus gar do Thrileac, Co. Thír Eoghain. Táthar ag súil leis go gcuirfear tús sa samhradh le hobair ar an láithreán agus táthar ag leanúint le comhghníomhartha forfheidhmithe a dhíreodh ar sheoladh dramhaíola;

- dul chun cinn ar fheidhmiú chláir PEACE III agus INTERREG IVA an AE. Is €171.8 milliún (£156.2 m) buiséad iomlán na gclár a faomhadh cheana féin faoi PEACE III agus is €103.7 milliún (£94.3 m) buiséad iomlán na gclár faoi INTERREG IVA;

- tá feidhm iomlán á baint as an ionad nua do Chomhrúnaíocht CATT ón 19 Aibreán 2010 i leith agus tionóladh sé chruinniú de chuid CATT ann go data;

- Rinneadh Bord Ionad Choillidh Chanannáin d'Uathachas a athbhunú ar feadh téarma 3 bliana eile. Tá pacáistí oiliúna breise lena mbaineann 4,000 duine aonair á bhfeidhmiú go céimneach ag an Ionad agus táthar ag leanúint leis an dul chun cinn ó thaobh comhairle agus treoir a thabhairt do scoileanna agus ó thaobh seirbhísí taighde agus faisnéise de. Táthar i mbun forbartha ar phlean ilbhliantúil ar mhaithe leis an Ionad a fhorbairt sa todhchaí;

- Rinneadh Grúpa Oibre um Cháilíochtaí Múinteoirí a athbhunú agus rinneadh dul chun cinn ó thaobh comhoibriú maidir le saincheisteanna oideachas múinteoirí i gcoitinne a thabhairt chun cinn agus i ndáil le hOideachas trí Mheán na Gaeilge (IME) go háirithe. Tá bearta breise i bhfeidhm anois chun comhordú agus comhoibriú a neartú i ndáil le dul i ngleic le tearcghnóthachtáil oideachais, le ceannaireacht scoile agus

le hOideachas trí Mheán na Gaeilge, lena n-áirítear tiomantas chun ábhar agus acmhainní a roinnt, nuair is féidir é, chun dúbláil a sheachaint.

**ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÍMHINN**

6. D'aontaigh an Chomhairle go gcuirfí moltaí i dtuarascáil a d'ullmhaigh painéal comhairleach saineolaithe/comhairleoirí ar son an Ghrúpa Athbhreithnithe faoi bhráid Airí atá freagrach as na Comhlachtaí Thuaidh Theas. Nótáladh an comhairliúchán atá ar siúl idir ranna an Fheidhmeannais ar an dara agus ar an tríú téarma tagartha san Athbhreithniú ar Chomhaontú Chill Rímhinn agus mheasadar go ngníomhódh an Grúpa Athbhreithnithe go tapa chun bailchríoch a chur ar an obair nuair a bheidh sé críochnaithe. D'aontaigh na hAirí toradh an chomhairliúcháin atá ar siúl sa dá dhlínse a bhreithniú i gcruinniú de chuid CATT sa todhchaí.

**AN FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUAIDH THEAS**

7. Nótáil an Chomhairle gur éascaigh Rialtas na hÉireann an dara comhdháil comhairliúcháin ina raibh comhpháirtithe sóisialta agus grúpaí eile ón tsochaí shibhialta ar fud an oileáin rannpháirteach.

**FÓRAM PARLAIMINTEACH THUAIDH THEAS**

8. Nótáil an Chomhairle gur tionóladh comhchruinniú de Ghrúpaí Oibre Fhóram Parlaiminteach Thuaidh Theas ar an 21 Meitheamh 2010 chun an Chomh-Chomhdháil bheartaithe i laethanta tosaigh mhí Dheireadh Fómhair a phlé. D'aontaigh na Grúpaí Oibre go gcasfadh oifigigh as an dá Reachtas lena chéile chun gnéithe de dhréachtchlár na Comhdhála a bheachtú agus tuairisc a chur faoi bhráid a nGrúpaí Oibre ar leith agus é mar aidhm leis bailchríoch a chur ar Chlár na Comhdhála.

9. Nótáil an Chomhairle gur ceist don Oireachtas agus do Thionól Thuaisceart Éireann é bunú Fóraim.

**CRUINNITHE CATT AMACH ANSEO**

10. D'fhaomh an Chomhairle sceideal de chruinnithe CATT a thionólfar sna míonna seo romhainn agus d'aontaigh siad go socróidh an Chomhrúnaíocht, i gcomhar le Ranna ábhartha, dátaí sonracha do gach ceann de na cruinnithe seo roimh an 31 Lúnasa 2010.

**An Chomhrúnaíocht**
**5 Iúil 2010**

## IARSCRÍBHINN A

## CRUINNIÚ DE CHUID NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS
## TEACH FARMLEIGH, BAILE ÁTHA CLIATH – 5 IÚIL 2010

| Rialtas na hÉireann | Feidhmeannas Thuaisceart Éireann |
|---|---|
| Brian Ó Comhain TD<br>An Taoiseach | An Ró-Onórach Peter Robinson MLA<br>An Céad-Aire |
| Brian Ó Luineacháin TD<br>An tAire Airgeadais | Martin McGuinness MP MLA<br>An LeasChéad Aire |
| Nollaig Ó Diomasaigh TD<br>An tAire Iompair | Sammy Wilson MP MLA<br>An tAire Airgeadais agus Pearsanra |
| Micheál Ó Máirtín TD<br>An tAire Gnóthaí Eachtracha | Michelle Gildernew MP MLA<br>An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe |
| Éamon Ó Cuív TD<br>An tAire Coimirce Sóisialaí | Nelson McCausland MLA<br>An tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta |
| Máire Ní Ainifín TD<br>An tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt | Caitríona Ruane MLA<br>An tAire Oideachais |
| Seán Ó Gormlaigh TD<br>An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil | Sir Reg Empey MLA<br>An tAire Fostaíochta agus Foghlama |
| Éamon Ó Riain TD<br>An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | Arlene Foster MLA<br>An tAire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta |
| Breandán Mac Gabhann TD<br>An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | Edwin Poots MLA<br>An tAire Comhshaoil |
| Batt O'Keeffe TD<br>An tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta | Conor Murphy MP MLA<br>An tAire Forbartha Réigiúnaí |
| Diarmuid Ó hEachthairn TD<br>An tAire Dlí agus Cirt, agus Athchóirithe Dlí | Alex Attwood MLA<br>An tAire Forbartha Sóisialta |
| Pádraig Ó Ciardha<br>An tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta | Robin Newton MLA<br>Aire Sóisearach in OCALCA |
| Barry Andrews TD<br>Aire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí | |